Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8512/21**

**CDR 48**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. Le litreacha dar dáta an 10 Márta 2020 agus an 26 Samhain 2020, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle gur chaill Simonetta SALIERA, comhalta de Choiste na Réigiún, a sainordú, agus go raibh Alessandro PIANA, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, ag éirí as[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag an mBallstát faoi seach.

[1] 6820/20 agus 6540/21.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Simonetta SALIERA, mhol Rialtas na hIodáile[2] Loredana CAPONE, ar ionadaí de chomhlacht réigiúnach í a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach (*Presidente del Consiglio regionale e Consigliere regionale della Puglia*), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Chun comhalta malartach a chur in ionad Alessandro PIANA, mhol Rialtas na hIodáile Gianmarco MEDUSEI, ar ionadaí de chomhlacht réigiúnach é a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach (*Presidente del Consiglio regionale e Consigliere regionale della Liguria*), mar chomhalta malartach ar Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 8295/21 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

[2] 8158/21.